# Nuachtlitir Gaelscoil Donncha Rua: Nollaig 2024/ Christmas Newsletter

## Nuacht Scoile

Beatha agus sláinte chugaibh go léir!
Tá an Nollaig buailte linn agus na páistí go léir i nGaelscoil Donncha Rua ag súil leis na laethanta saoire. Bhí go leor rudaí deasa ar siúl againn ar scoil chun Nollaig 2024 a chéiliúradh!
Tá grianghraif uaslódála ar ár suíomh idirlín scoile www.gdr.ie agus chuig ár leathanach Instagram scoile.
Thug gach rang cuairt ar Daidí na Nollag agus chan siad carúil Nollag agus iad ann. Míle buíochas don bhainisteoir an ionad siopadóireachta; Casper as cuireadh a thabhairt dúinn.
Chuaigh cór na scoile go teach altranais Carrigoran chun canadh an tseachtain seo caite agus an tseachtain seo thug Rang a 2-6 siamsaíocht do Sheanóirí na Sionainne ag a gcóisir Nollag bliantúil a d'eagraigh na Gardaí.



Rinne na páistí jab iontach ag scaipeadh beannacht na Nollag ar fud an phobail áitiúil.Táimid an-bhródúil astu ar fad!

## School News

Christmas is officially here, and the boys and girls of Gaelscoil Donncha Rua are looking forward to the holidays. We had lots of fun activities in school over the past two weeks to celebrate the festivities.
Photos have been uploaded to our school website www.gdr.ie and to our school Instagram page.

All the classes visited Santa in the Town Centre and sang some Christmas carols while they were there. Thank you to the manager in the Town Centre; Casper for inviting us.



The school choir went to Carrigoran nursing home to sing for the residents last week and this week Rg. a 2-6 entertained the Shannon Senior Citizens at their annual Christmas party that the Gardaí had organized.
Our students did an amazing job of spreading Christmas cheer throughout the local community in Shannon. We are very proud of them all!

Thug na naíonán cuairt ar Múinteoir Clodagh chun bualadh le buachaillí agus cailíní sa Naíonra chun Nollaig Shona a ghuí orthu. Chan siad cuid de na hamhráin Nollag is fearr leo agus d'éist siad freisin leis na páistí óige ag canadh.



### Turais Nollag

Bhí an-spraoi ag na páistí i Seomra Sonas agus Seomra Spraoi sa Kidz Club in Inis ar a dturas Nollag bliantúil. D'fhreastail na Naíonáin agus Rang a 1-3 ar Sheó Nollag na dTrí Mhuc Beag in Inis. Bhí sé ar fheabhas!



### Yes for Languages

Tá iarratas déanta ag GDR ar an gclár '*Yes For Languages*' don téarma seo chugainn. Tá na daltaí tar éis vótáil chun Spáinnis a dhéanamh i mbliana agus táimid ag cur amchlár le chéile faoi láthair. Tá an clár deartha do dhaltaí ó Rang a 3-6 agus beidh sé á reáchtáil thar 10 seachtaine.



The infant classes visited Clodagh's pre-school to meet the boys and girls in the Naíonra to wish them a very Happy Christmas. They sang some of their favourite Christmas songs and also listened to the pre-school children singing.

### Christmas tours

The students in Seomra Sonas and Seomra Spraoi had great fun in Kidz Club in Ennis on their annual Christmas trip. The infant classes and Rg. a 1-3 attended *Santa and the Three Little Piggies* Christmas show in Ennis.



### Yes for Languages

GDR has applied for the '*Yes for Languages*' programme for the coming term. The students have voted to do Spanish this year and we are putting a timetable together at the moment. The programme is designed for students from 3-6 classes and will be run over 10 weeks.

**Snámh**

Déanfaidh daltaí Rang 4-6 sé seachtaine de cheachtanna snámha ag tosú ar an gCéadaoin an 8ú Eanáir 2025. Tá costais méadaithe go €5 an ceacht. Tabharfaidh Coiste na dTuismitheoirí fóirdheontas do chuid den chostas trí airgead a thiomsú.



**Sábháilteacht ar Líne**

Tá cúrsa Cibearshábháilteachta críocnaithe ag Rg. a 4-6 le Conor (oibrí SCP). Clár an-fhiúntach a bhí ann agus d'fhoghlaim na daltaí go leor faoi conas fanacht sábháilte ar líne.

**Nuacht Coiste na dTuismitheoirí:**

Féilire 2025

Go raibh maith agat as do thacaíocht ar fad i rith na bliana leis na tiomsaithe airgid éagsúla. Tá go leor féilirí scoile fós ar fáil dá mbeadh fonn ar éinne níos mó a cheannach. Rinne Eoin Madden ó Selprint urraíocht ar na féilirí agus táimid á ndíol chun airgead a bhaiiú don scoil (€10 an ceann). Tá grianghraf de gach rang ar an bhféilire agus dhéanfadh sé bronntanas Nollag álainn do theaghlach agus chairde GDR.

Tá socrú déanta ag Coiste na dTuismitheoirí bosca seacláide a thabhairt do gach páiste ag am dul abhaile amárach chun go raibh maith agat a rá libh go léir.

**Nuacht an Bhoird Bainistíochta:**

**Foirgneamh nua scoile**

Tá an carnadh críochnaithe go rathúil, agus beidh an tionscadal tógála ag bogadh ar aghaidh go dtí na bunsraitheanna agus an bhunobair sa bhliain nua. Táimid an- sásta leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

**Christmas production**

Rang a 1-3 and Rang a 4-6 were very busy this week practicing for their Christmas dramas. They acted for, recorded and edited their productions. Thank you to Emma for helping Múinteoir Tricia with the recording and both Máire and Tricia for all the extra after school hours that these projects take to complete. Links for all films will be shared with parents through Aladdin. **We kindly request that these links or any form of recording of the children are not shared on social media, thank you.**

**Swimming**

4th –6th class students will do a block of 6 weeks swimming lessons beginning on Wednesday the 8th of January 2025. The Leisure Centre has increased costs to €5 per lesson. The Parents' Association will subsidize a third of the cost through fundraising. Details will be set up on Aladdin e-payments on return to school in the new year.

**Cyber Safety**

4th –6th have completed the 6-week Cyber Safety programme with Conor (SCP worker). It was a very worthwhile programme and the students learnt a lot about how to stay safe online.

**Bí Cineálta** -Anti-bullying procedures Questionnaire for Parents has been sent home, it would be really helpful if you could have it returned before the Christmas break, thank you.

**Parents' Association News:**

**Calendar 2025**

Thank you for all your support throughout the year with the various fundraisers.

There are still plenty of school calendars available if anyone would like to buy more. Eoin Madden of Selprint very kindly sponsored the calendars and we are selling them as a fundraiser for the school for €10 each. The calendar has a photo of every class

Cleite i mo Hata

Maith sibh Max, Amera, Robyn agus Neasa a bhuaigh duaiseann le déanaí. Cailíní don damhsa agus Max i gcomhair Jujitsu.






Dúnfar an scoil ar an Aoine an 20ú lá mí na Nollag ag a 12 a chlog agus beimid oscailte arís ar an 6ú lá Mí Eanair 2026.

*Ár mbuíochas lenár ndaltaí, múinteoirí, cúntóirí, ár rúnaí Niamh, ár glantóir Sonia agus ár dáileoir béilí te Amy-Kate.*
*Míle buíochas lenár mBord Bainistíochta agus lenár gCoiste Tuismitheoirí iontach as do thacaíocht agus do thiomantas leanúnach i rith 2024.*

*Guímid Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Shéan oraibh go léir!*
*****************************

and would make a lovely Christmas present for family and friends of GDR.
The Parents' council have arranged for every child to be gifted a selection box at home time tomorrow to say thank you for your continued support throughout 2024.


**Board of management News:**
**New school Building**

The piling has been successfully completed, and the building project will now move on to the foundations and groundwork in the new year. The project is progressing as planned.

**Feather in my Cap:**

Well done to Amera, Robyn & Neasa on their recent awards for dancing and Max for his grading in Jujitsu.

**The school will close this Friday the 20th of December for the Christmas holidays and will reopen on Monday the 6th of January 2025.**



*Thank you to all our students, teachers, SNAs, our secretary Niamh, our care-taker Sonia and our hot-meals distributor Amy-Kate.*
*Many thanks to our Board of Management and our wonderful Parents' Association for all your continued support and dedication throughout 2024.*

*Wishing you all a Happy Christmas and a very Peaceful new Year*!
*****************************